

Polasaí Iontrála 2015-2016

Glactar iarratais ó bhuachaillí agus ó chailíní i gCholáiste Ghlór na Mara. Déanann Bord Bainistíochta na scoile gach cinneadh a bhaineann le rollú, de réir pholasaí na scoile agus de réir an Achta Oideachais (1998), an Achta Oideachais (leas) (2000) agus an achta um stádas comhionann (2000).

Is coinníoll rollaithe é i gCholáiste Ghlór na Mara go nglacann chuile dhalta agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí leis an gcód iompair agus go síníonn siad é agus go n-aithníonn siad i scríbhinn go bhfuil meas acu ar an bhfealsúnacht reiligiúnach, oideachasúil agus teanga atá leagtha amach don scoil.. Ní chláróidh an Bord Bainistíochta aon dalta nach gcomhlíonann na coinníollacha rollaithe seo nó nach gcomhlíonann a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí iad.

Coimeádann an Coláiste an ceart aige féin athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh áit a thairiscint do dhalta má tá sé sásta go bhfuil sé deimhnithe:

- (1) Go bhfuil aon eolas tugtha ag an dalta nó ar a shon mícheart nó míthreorach ar aon bhonn ábhartha, nó
- (2) Má fhágtar amach nó má choinnítear siar in aon slí aon eolas ábhartha don Choláiste maidir le cinneadh a dhéanamh glacadh nó gan glacadh le hiarratas.

1. Daltaí na Chéad Bhliana Meán Fómhair 2016

Socróidh an Bord Bainistíochta gach bliain ar líon na ndaltaí. Glacfaidh an scoil leis an líon sin.

Tionóilfear Oíche Eolais I mí Deireadh Fómhair 2015

Is é an spriocdháta d'iarratais don chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2016 ná 1.30pm Dé hAoine an 6ú Samhain 2015.

Agus é ag déanamh cinneadh ar líon na ndaltaí a nglacfar leo tabharfaidh an Bord an aird is cuí ar fhorálacha ábhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna mair le méid na ranganna, leithdháileadh foirne agus/nó aon riachtanas ábhartha maidir le cóiríocht, mar shampla áit fhisiciúil nó sláinte agus leas na bpáistí.

Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart aige féin go mbeidh fáil ag an bPríomhoide ar gach eolas a bhaineann le leas oideachasúil agus le leas pearsanta na n-iarratasóirí agus go lorgóidh sí a leithéid ó thuismitheoirí /chaomhnóirí agus ó bhunscoileanna.

Má tá líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá ar fáil beidh próiseas roghnaithe an Bhoird Bhainistíochta bunaithe ar an ord tosaíochta seo a leanas:

Catagóir 1: Iarratasóirí a chuir iarratas isteach chuig gCholáiste Ghlór na Mara roimh 11/06/2014

Catagóir 2: Iarratasóir a bhfuil siblín acu cláraithe sa Choláiste faoi láthair (ie ó 01/09/2015)

Catagóir 3: Gach iarratasóir eile ó Ghaelscoil

Catagóir 4: Gach iarratasóir eile a labhraíonn Gaeilge sa bhaile

Catagóir 5: Gach iarratasóir eile atá ina shiblín le hiar-dhalta

Catagóir 6: Gach iarratasóir eile

Má tá easpa áiteanna ar fáil úsáidfear crannchur taobh istigh de gach catagóir nuair is gá. Cuirfear iarratasóirí nach n-éiríonn leo áit a fháil ar liosta feithimh.

Cuirfear iarratais dhéanacha ar bun an liosta feithimh de réir an dáta a fuair an Coláiste an t-iarratas.

Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta taobh istigh de 21 lá ón sprioclá ar a bhfaigheann an scoil foirmeacha iarratais comhlánaithe, mar a leagtar amach i mír 2.7 thíos, agus/nó nuair a fhaigheann an scoil eolas ábhartha mar atá leagtha amach ag an mBord Bainistíochta agus ag an tAire Oideachais agus Scileanna faoin Acht Oideachas (Leas) (2000), agus mír 3 thíos.

2. Nósanna Imeachta um Iarratais

Tá an Polasaí seo faoi réir athbhreithnithe bliantúla ag an mBord Bainistíochta.

2.1 Glacfaidh an scoil le líon na n-iarratasóirí ar a shocraíonn an Bord Bainistíochta. Socrófar é seo go pras gach bliain agus cuirfear gach bunscoil ábhartha ar an eolas.

2.2 Ní mór do iarratasóirí a bheith 12 bliain d'aois ar 1 Eanáir sa bhliain féilire ndiaidh dó/di tosú sa chéad bhliain. Caithfear teastas breithe iomlán a chur isteach nuair a ghlactar le haon áit oifrálte ag an scoil.

2.3 Tá foirmeacha iarratais ar fáil ón scoil ach iarr ar oifig na scoile.

2.4 Beidh oíche eolais do dhaltáí ionchasacha agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ar siúl sa scoil I mí Deireadh Fómhair.

2.5 Glactar le hiarratais ó dhaltáí bunscoile atá i rang a 5 agus rang a 6. Ofráiltear na háiteanna de réir mhír D thuasluaite.

2.6 Measfar bailí na foirmeacha iarratais agus iad comhlánaithe ina n-iomláine atá curtha ag an scoil ag 1.30pm Aoine 6ú Samhain ar a dhéanaí agus cuirfear stampa dáta agus stampa ama orthu.

2.7 Déantar taifead ar iarratais nuair a fhaightear iad sa scoil de réir dáta agus de réir ama agus de réir na gcritéar atá leagtha amach i 2.6 thuas luaite.

2.8 Ní dhéanfar measúnú ar iarratais faighte i ndiaidh 1.30pm Aoine 6ú Samhain 2015 ach i ndiaidh a dhéanfar measúnú ar iarratais bhailí ar fuarthas iad roimh 1.30pm Aoine 6ú Samhain 2015. Cuirfear a leithéid d'iarratais ar liosta feithimh agus beidh siad ar chéim níos ísle ná iad a fuarthas roimh an sprioc-am.

2.9 Ní mór do iarratasóirí a fhaigheann oifrál áite sa scoil scrúdú measúnaithe ullmhaithe agus ceartaithe ag an scoil a dhéanamh. Is é aidhm an scrúdaithe seo ná ligean don scoil tacaíochtaí cearta agus cuí a chur i bhfeidhm do dhaltáí nua (teoranta ag na háiseanna atá ar fáil don scoil) agus níl aon bhaint aige leis na critéir iontrála.

Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir leis an scrúdú trí an bpost.

Caithfear gach dalta nua ón gcéad bhliain an scrúdú seo a dhéanamh (ach i gcás go bhfuil teagmháil déanta leis an scoil roimh ré agus teastas leighis curtha isteach). Má theipeann ar an dalta an scrúdú a dhéanamh agus mura bhfuil an Coláiste curtha ar an eolas agus an teastas leighis faighte aige, caillfear an áit agus tabharfar do dhaltá eile atá ar an liosta feithimh í láithreach.

Ní chláróidh an Bord Bainistíochta aon dalta a theipeann air/uirthi na coinníollacha clárúcháin seo a chomhlíonadh nó a theipeann ar a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí iad a chomhlíonadh.

Caithfidh iarratasóirí a ghlacann le háit cóip dá theastas breithe (leagan fada) a chur ag an scoil.

Cuirtear éarlais €50 neamh-in-aisíochta a chur isteach leis an nglacadh áite (is féidir cúinsí géarghá agus pearsanta gur féidir iad a dheimhú a chur san áireamh maidir leis an éarlais neamh-in-aisíochta. Beidh sé seo faoi dhiscreíd an Phríomhoide amháin).

Riachtanais Oideachasúla Speisialta

Cuirfear fáilte roimh iarratasóirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais oideachasúla acu chuig Choláiste Ghlór na Mara. Úsáidfear na hacmhainní (idir airgeadais agus foirne) a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil chun socruithe oiriúnacha a dhéanamh dá leithéid de dhaltaí. Tá cumas na scoile freastal ar dhaltaí le riachtanais áirithe spleách ar na hacmhainní a theastaíonn chun freastal ar dhaltaí aonair a bheith curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart aige féin diúltú do iarratas ó dhalta a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici sa chás go, fiú le hacmhainní breise curtha ar fáil ón Roinn Oideachais agus scileanna, tagann an Bord ar an tuairim nach féidir leis an scoil freastal ar na riachtanais sin agus/nó nach féidir leis an scoil oideachas cuí a chur ar fáil don dalta.

Coimeádann an scoil an ceart aici féin athbhreithniú a dhéanamh ar oifrail áite do dhalta má dhearbhaíonn an Coláiste go sásúil:

3.1 Nuair a dhéanann tuismitheoirí/caomhnóirí iarratas ar son dalta ní mór dóibh an scoil a chur ar an eolas go bhfuil riachtanais speisialta ag a bpáiste/coimircí agus má bhaineann sé leis, toiliú a thabhairt ionas go mbeidh fáil ag an scoil ar aon tuarascálacha a ndéantar tagairt dóibh i mír 3.3 thíos.

Iarrtar ar thuismitheoirí freisin, na riachtanais speisialta oideachasúla a bhaineann lena bpáiste a leaga amach ar fhoirm iarratais na scoile. Ionas go mbeidh Coláiste Ghlór na Mara in ann measúnú a dhéanamh ar cad é an bealach is fearr chun freastal ar riachtanais oideachasúla a bpáiste caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí toiliú a thabhairt don bhunscoil chuile eolas ábhartha agus cuí a chur ar fáil do Phríomhoide Choláiste Ghlór na Mara.

3.2 Ní mór do thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas má bhí fáil ag an dalta ar a leanas:

Cúntóir riachtanais speisialta nó rang speisialta.

Cabhair do riachtanais speisialta ó mhúinteoir acmhainne.

Cabhair le bunathrú iompraíochta.

Measúnú síceolaíoch.

Cabhair le máchail amhairc nó máchail éisteachta.

Cabhair le deacracht foghlama ginearálta nó sainiúil.

Cabhair le suaitheadh mothúchánach.

Aon acmhainn maidir le taisteal/soghluaisteacht.

3.3 Nuair a éiríonn an scoil feasach ar riachtanais speisialta a bheith ag dalta, gheobhaidh an scoil na taifid chúil ón bhunscoil ar a d'fhreastal an dalta. I measc na dtaifead sin d'fhéadfadh Plean Oideachais don Dalta Aonair, Tuairisc Leighis, Tuairisc Síceolaíoch a bheith i gceist. Má chuirtear tuarascáil saineolaí ar fáil ba chóir go mbeadh straitéis inoibrithe inti ina dtugtar faoi na riachtanais shainitheanta, agus na hacmhainní atá ar fáil curtha san áireamh.

Tá sé de dhualgas ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí na socraithe cuí a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh an t-eolas ábhartha aistrithe go pras go pearsanra Choláiste Ghlór na Mara

3.4 Sa chás nach bhfuil tuarascáil ar fáil, tá sé de cheart ag an bPríomhoide agus é ag gníomhú ar son an Bhoird Bhainistíochta, iarratas a dhéanamh go ndéanfaí measúnú ar an iarratasóir chomh luath agus atá sé praiticiúil agus go mbeadh fáil ar aon eolas eile a mheastar go mbeadh sé ábhartha do fhorbairt oideachasúil an iarratasóra. An chúis leis seo ná go mbeadh sé ina chabhair don scoil riachtanais oideachasúla an pháiste maidir lena mháchail nó a riachtanais a mheas agus chun na seirbhísí tacaíochta cuí a aithint.

3.5 Nuair atá gach eolas agus cáipéisíocht ghairmiúil ábhartha bailithe ag an bPríomhoide agus é ag gníomhú ar son na scoile, déanann sé measúnú ar conas gur féidir leis an scoil freastal ar riachtanais na ndaltaí atá i gceist. Déantar teagmháil leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir leis na hacmhainní do riachtanais speisialta a d'fhéadfadh an dalta a bheith i na dteidil.

D'fhéadfadh an Príomhoide cruinniú a lorg le tuismitheoirí/caomhnóirí an iarratasóra chun an t-iarratas agus chun riachtanais an dalta a phlé.

3.6 D'fhéadfadh go measfadh an príomhoide agus é ag gníomhú ar son an Bhoird Bhainistíochta, go bhfuil gá ann moill a chur ar chlárú an dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici, go dtí go bhfaightear an t-eolas thuasluaite nó go dtí go ndéanann an Roinn Oideachas agus Scileanna na hacmhainní a leithdháileadh a ligfeadh don scoil freastal ar na riachtanais atá aitheanta óna leithéid d'eolas.

NB D'fhéadfadh go dtógfadh sé tréimhse fada ar an Roinn Oideachais agus scileanna a leithéid d'iarratas a phróiseáil. Tugtar moladh láidir do tuismitheoirí/caomhnóirí an coláiste a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir agus a gcás féin a phlé go maith luath roimh iarratas a chur isteach.

3.6 Chomh luath is atá sé praiticiúil ach gan é a bheith níos déanaí ná 21 lá i ndiaidh do tuismitheoir/chaomhnóir an t-eolas ábhartha go léir a chur ar fáil don bPríomhoide, déanfaidh an Príomhoide, agus é ag gníomhú ar son an Bhoird Bhainistíochta, cinneadh maidir leis an iarratas atá i gceist agus cuirfidh sé na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gcinneadh sin. [an Achta Oideachais (leas) (2000) mír 19 (3)].

4. Aistriú iarratasóirí ó Mheánscoileanna eile.

Is éard is brí le hiarratas aistrithe ná dalta atá cláraithe cheana féin i scoil eile nó a bhfuil cónaí air/uirthi taobh amuigh d'abhantracht na scoile, nó iarratas ó dhaltaí a dhéanann iarratas i ndiaidh thús théarma scoile an Fhómhair.

Tuigtear go bhfuil aistrithe dosheachanta i gcásanna áirithe eisceachtúla (m.s. aistriú tí nó clann ag bogadh go ceantar). Go ginearálta áfach ní spreagtar aistrithe go Coláiste Ghlór na Mara ar mhaithe le leanúnachas oideachas an dalta.

Ní hé polasaí an Bhoird Bhainistíochta glacadh le hiarratais aistrithe ó dhaltaí in aon bhliain os cionn bliain 1.

Pléann an Bord Bainistíochta le cinntí maidir le haistriú daltaí ó Mheánscoileanna eile.

Ní chuirfear áiteanna ar fáil de ghnáth i ranganna os cionn Bhl.1, ach amháin sa chás go bhfuil an líon sa rang sin faoi bhun 24 dalta. Má tá áit ar fáil cuirfear agallamh ar an iarrthóir le cinntiú go bhfuil caighdeán na Gaeilge ag an iarrthóir maith go leor don rang a bhfuil sí/sé ag dul isteach ann. Beidh agallamh agus scrúdú scríofa i gceist chun an caighdeán seo a chinntiú.

Má fhágann dalta an scoil ní féidir áit sa scoil a choiméad dóibh. Má dhíbrítear dalta as an scoil ní ghlacfar le hiarratas uaithi/uaidh filleadh ar an scoil.

Ní hé polasaí an Bhoird Bhainistíochta glacadh le iarratais aistrithe ó dhaltaí atá cláraithe cheana féin i meánscoileanna áitiúla seachas i gcúinsí eisceachtúla. Má bhíonn an Bord

sásta go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, baineann na rialacha agus nósanna imeachta a leanas:

4.1 Go gcloífead le polasáí iontrála na scoile.

4.2 Go bhfuil áiteanna ar fáil sa bhliain, sa rang nó sa ghrúpa ábhar atá i gceist.

4.3 Go mbeidh ar chumas an dalta feidhmiú i gceart i dtimpeallacht lán Ghaeilge agus go mbainfidh sé/sí tairbhe as. Déanfar cumas sa Ghaeilge a mheas trí agallamh agus scrúdú scríofa. Beidh an scrúdú scríofa ar chomhcaighdeán le leibhéal an sprioc rangghrúpa atá beartaithe ag an dalta. Caithfead 40% a aimsiú sa dhá scrúdú. Is praiséis é seo chun cinntiú go bhfuil leibhéal teanga sásúil ag an dalta ionas go mbeidh ar a c(h)umas foghlaim trí Ghaeilge agus rochtain a fháil ar an gcuraclam ina iomlán.

4.4 Ní mór na fáthanna go iarratas aistriithe á chur isteach a chur go soiléir i litir faoi bhráid Phríomhoide Choláiste Ghlór na Mara.

4.5 Ní mór do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an dalta cóipeanna de thuairiscí scoile (an dá bhliain is déanaí) an dalta óna(h)iarscoila chur faoi bhráid an príomhoide.

4.6 Coinníonn an Príomhoide an ceart aige féin moladh faoi rún a lorg ó údaráis na harscoile nó na n-iarscoileanna. Déanfar an t-iarratas sin de réir cur ar fáil sásúil de gach eolas ábhartha (mar a lorgaíonn an Príomhoide) ón iarscoil agus ó Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an dalta. Ní mór do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí cead a thabhairt go gcuirfead ar fáil don Príomhoide, a leithéid d'eolas cuí agus ábhartha ón scoil a bhfuil an dalta ag iarraidh aistriú uaithe.

4.7 Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart aige féin diúltú d'iarratas i gcásanna ina d'fhéadfadh réamhthairbh cruthaithe drochiompair a bheith san áireamh.

4.8 Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart aige féin diúltú d'iarratas i gcás, i dtuairim an Bhoird, go bhfuil priacal doghlachta ann do dhaltaí eile, do fhoireann na scoile nó do sealúchas na scoile.

4.9 Go bhfuil an dalta in ann cloí leis an soláthar curaclaim atá ag an scoil. Caithfidh iarratasóirí staidéar a dhéanamh ar líon na n-ábhar atá á dtairiscint ag an scoil sa rang nó sa bhliain ghrúpa agus caithfidh sé/sí staidéar a dhéanamh ar na hábhair riachtanacha atá leagtha amach ag an scoil.

4.10 Dul i gcomhairle leis an Oifigeach Leasa Oideachais más oiriúnach.

4.11 Ní mór don iarratasóir agus a t(h)uismitheoirí/C(h)aomhnóirí glacadh le Cód Iompair an Choláiste agus a Ráiteas Misean i scríbhinn.

4.12 Go bhfuil an Bord Bainistíochta den tuairim gur do leas an dalta an t-aistriú.

4.13 Go bhfuil an Bord Bainistíochta den tuairim gur do leas na scoile é an t-aistriú ag cur leas agus cearta na ndaltaí atá cheana féin i gColáiste Ghlór na Mara san áireamh.

5 Bliain a athdhéanamh

5.1 Daltaí atá ag freastal ar Choláiste Ghlór na Mara cheana féin.

Ní tharlóidh sé ach i gcásanna fíor-eisceachtiúla go ndéanfar iarratais ar bhliain a athdhéanamh ó dhaltaí reatha Coláiste Ghlór na Mara a mheas. Déanfar a leithéid d'iarratas a mheas trí an méid a leanas a chur san áireamh:

Leas an pháiste atá i gceist o thaobh tuairim na scoile de.

Leas na bpáistí sna ranganna ina d'fhéadfadh an dalta atá i gceist a bheith curtha.

Foráileacha Chiorclán M02/95 na Roinne Oideachais agus Scileanna.

5.2 Daltaí ó scoileanna eile

Is de réir fhoráileacha Mír 4 thuasluaite amháin a dhéanfar a leithéid d'iarratas a mheas. Cloífidh aon chinneadh den sórt seo go daingean le Ciorclán M02/95 na Roinne Oideachais agus Scileanna.

6 Cúrsaí Leighis

Ní mór do thuismitheoirí an Scoil a chur ar an eolas roimh ré má tá riocht sláinte ar bith ag iarratasóir a bhfuil réim cógas ie linn an lae scoile i gceist nó má d'fhéadfadh aon idirghabháil leighis ar bith a bheith i gceist. Lorgófar aon eolas breise a mheastar riachtanach ag an scoil agus aontófar go soiléir ar na coinníollacha cláraithe idir an scoil agus na Tuismitheoirí/Caomhnóirí.

Sa chás ina mbeadh ar bhall foirne cógas práinneach a thabhairt, beidh súil le go síneoidh Tuismitheoirí/Caomhnóirí cáipéis a shíniú a shlánaíonn baill foirne na scoile, an Príomhoide agus an Bord Bainistíochta ó gach éileamh, a d'fhéadfadh iad a bheith déanta anois nó sa todhchaí, a n-eascródh ó chógas leighis a thabhairt nó ó theip na cógais luaite a thabhairt.

Ní mór do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an scoil a sholáthar ar bhonn leanúnach le leis na cógais sin agus iad "in dáta".

7. Cosaint sonraí

Is rialaitheoir sonraí é Choláiste Ghlór na Mara faoi Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Úsáidfeadh sonraí pearsana a luaitear ar an bhfoirm rollaithe le haghaidh rollú dalta, clárú, riaracháin, leas leanaí agus chun aon dualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Cé go gcoinneofar aon eolas a thugtar faoi rún ag an scoil, o am go ham d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ar an scoil sonraí pearsanta a roinnt ar bhonn rúnda le eagrais eile ina measc: An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais.

Úsáidfeadh sonraí teagmhála chun tú a choinneáil ar an eolas maidir le imeachtaí nó gníomhaíochtaí scoile. Braithimid ar Thuismitheoirí/Chaomhnóirí eolas iomlán agus cruinn a chur ar fáil dúinn agus an t-eolas sin a uasdátú maidir le haon athrú ar an t-eolas a tugadh. Má tá tú ag iarraidh teacht air nó uasdátú a dhéanamh ar shonraí pearsanta do pháiste, ní mór duit scríobh chuig Príomhoide a scoile.

8 Ceart Diúltaithe

Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart aige féin diúltú d'iarratas iontrála ó iarratasóir i gcúinsí eisceachtúla. D'fhéadfadh a leithéid de chúinsí a leanas a bheith i gceist:

- a) Má bhíonn riachtanais speisialta ag an dalta sa chaoi nach féidir leis an scoil freastal ar na riachtanais sin agus/nó ní féidir leis an scoil oideachas cuí a thabhairt don dalta, fiú leis hacmhainní breise atá ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.
- b) I dtuairim an Bhoird Bhainistíochta gur baol do-ghlactha an dalta do dhaltaí eile, don bhfoireann nó do shealúchas na scoile.
- c) Teipeann ar an dalta agus/nó ar Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an dalta glacadh le Cód Iompair na Scoile nó é a shíniú agus/nó teipeann ar an dalta agus/nó ar Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an dalta aitheantas i scríbhinn a thabhairt go bhfuil meas acu ar fhealsúnacht reiligiúnach agus oideachasúil na scoile.

Ní dhiúltóidh bord bainistíochta scoile aitheanta leanbh a ligean isteach mar mhac léinn sa scoil sin, ar leanbh é nó í a mbeidh iarratas chun é nó í a ligean isteach amhlaidh déanta ina leith, ach amháin i gcás ina mbeidh an diúltú sin de réir bheartas na scoile aitheanta lena mbaineann, arna fhoilsiú faoi alt 15(2) (d) d'Acht Oideachais 1998. Acht Oideachais (leas), 2000 alt 19 (1).

9. Ceart Achomhairc

Molann An Bord Bainistíochta do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí gur féidir achomharc a lorg de réir Mhír 29 (d) den Acht Oideachais 1998 sa chás ina ndiúltaítear do iarratasóir clárú i gColáiste Ghlór na Mara. Cuirfeadh in iúl do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí in scríbhinn cinneadh an Bhoird agus na fáthanna inar diúltaíodh don dalta. Ní mór aon achomharc a dhéanamh taobh istigh do 42 lá féilire ón dáta a cuireadh cinneadh an Bhoird Bhainistíochta in iúl do na Tuismitheoirí/Caomhnóirí.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag cruinniú Mheán Fómhair an Bhoird Bhainistíochta gach Bliain.

Sínte_____

An tUasal T. Ó Tuachaigh

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta.